



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Polasaí Leasa Lúthchleasaithe Spórt Éireann don Spórt Ardfheidhmíochta

1. Réamhrá

- 1.1 Ag cur leis an bPolasaí Leasa Lúthchleasaithe roimhe seo, a foilsíodh in 2021 agus atá i bhfeidhm le cúig bliana, tá beartas nua socraithe ag Spórt Éireann le léiriú a thabhairt ar chéim reatha an chórais ardfheidhmíochta. Beidh an polasaí seo i bhfeidhm ó Aibreán 2026 agus tá sé faoi réir athbhreithnithe agus nuashonruithe breise i rith na tréimhse atá fágtha den Straitéis Ardfheidhmíochta 2021-2032.
- 1.2 Deirtear i Straitéis Ardfheidhmíochta 2021-2032 Spórt Éireann 'tá ár lúthchleasaithe agus na daoine a thacaíonn leo i gcroílár gach a ndéanaimid'. Cabhraíonn an Polasaí Leasa Lúthchleasaithe seo le Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) é sin a bhaint amach agus clúdaítear:
 - prionsabail leasa lúthchleasaithe;
 - freagrachtaí bhaill an chórais ardfheidhmíochta;
 - treoir do CNRanna a bhfuil Clár Ardfheidhmíochta (CAFanna) á n-oibriú acu;
 - ag déileáil le díospóid; agus
 - dearbhú córais.
- 1.3 Chun críocha an pholasaí seo, sainmhínítear 'Leas' mar:

'sláinte agus folláine fhisiciúil agus mheabhrach duine aonair.'

2. Prionsabail Leasa Lúthchleasaithe

Dearbhú Saoil:

- Ba chóir go mbeadh rannpháirtíocht i spórt ardfheidhmíochta ina eispéireas dearfach.
- Aithníonn lúthchleasaithe go bhfuil freagracht orthu an córas ardfheidhmíochta a fheabhsú dóibh féin agus do na glúnta atá le teacht.
- Ba chóir forbairt phearsanta tarlú chomh maith leis an bhfeidhmíocht/oiliúint.

Díríte ar Lúthchleasaí:

- Cloistear guth na lúthchleasaithe agus cuireann gach duine sa chóras ardfheidhmíochta fáilte roimh a leithéid d'aiseolas.
- Tugtar cumhacht do lúthchleasaithe úinéireacht a bheith acu ar a n-aistear i gcóras a thacaíonn leo.

Bunaithe ar luachanna:

- Feidhmíonn na CNRanna a gcuid Clár Ardfheidhmíochta i gcomhréir go hiomlán lena luachanna féin, agus le luachanna Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032.
- Tá Stiúrthóirí Feidhmíochta (SFanna) atá uailmhianach dá spórt i gceannas ar na CAFanna, agus tugann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an CNR agus a choiste ardfheidhmíochta tacaíocht dóibh agus coinníonn siad cuntasach iad.

Acmhainní curtha ar fáil:

Tá acmhainní agus tacaíocht go leor ag coistí náisiúnta rialaithe le haidhm an bheartais seo a bhaint amach.

3. Freagrachtaí na mBall den Chóras Ardfheidhmíochta

3.1 Spóirt Éireann:

- Maoiniú CAF.
- Maoiniú díreach do lúthchleasaithe tríd an Scéim Cártála Idirnáisiúnta, Scéim Phroifisiúnta Aontas Gailf na hÉireann, agus an Scéim Mhainithe d'Imreoirí de chuid Chumann Haca na hÉireann.
- Áiseanna den scoth do lúthchleasaithe chun traenáil a dhéanamh agus dul san iomaíocht ag Campas Spóirt Éireann.
- Oideachas agus tástáil frithdhópála.
- Dearbhú córais ardfheidhmíochta.

3.2 Institiúid Spóirt Éireann:

Cuireann Institiúid Spóirt Éireann seirbhísí ar fáil do lúthchleasaithe ó shaineolaithe ina réimse faoi seach, trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Feidhmíochta idir Institiúid Spóirt Éireann agus na CNRanna.

3.3 CNRanna:

- Ceannaireacht shaineolach.
- Cóitseáil den scoth.
- An timpeallacht oiliúna laethúil is fearr.
- Cláir iomaíochta intíre agus idirnáisiúnta.
- Beartais agus próisis le haghaidh leas agus folláine gach ball dá CAF.

3.4 Cónaidhm Spóirt na hÉireann:

Soláthraíonn Cónaidhm Spóirt na hÉireann¹ an Bainisteoir Tacaíochta Lúthchleasaithe (ASM) le:

- Comhairle rúnda a chur ar fáil do gach lúthchleasaí² atá i ndíospóid lena gcoistí náisiúnta rialaithe. Áirítear leis sin measúnú ar fhiúntais díospóide; agus, i gcás ina bhfuil roghanna ann le haghaidh réitigh neamhfhoirmiúla, gníomhú mar chara criticiúil don lúthchleasaí agus don CNR araon.
- Sa chás ina n-iarrtar é, ábhair imní maidir le leas agus cosaint a phlé thar ceann lúthchleasaithe lena gCoiste Náisiúnta Rialaithe, agus/nó le gníomhaireachtaí reachtúla de réir mar is gá.
- Teagmháil a dhéanamh le struchtúir ionadaíochta lúthchleasaithe i ngach CAF, chun tacú leo ina ról.
- Tacú le hobair sholáthraithe seirbhíse Scileanna Saoil Feidhmíochta.

3.5 Príomh-Chomhpháirtithe:

Tá comhpháirtíochtaí ag an gcóras ardfheidhmíochta le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, Spóirt Thuaisceart Éireann, Institiúid Spóirt Thuaisceart Éireann, agus Institiúidí Ardoideachais. Feabhsaíonn na comhpháirtithe sin eispéireas lúthchleasaithe na hÉireann, agus baineann siad leas as oibriú rathúil an bheartais seo, go háirithe ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

¹ Maoinithe ag Spóirt Éireann ar neamhthuilleamaí (is balleagraíocht CNR i Cónaidhm Spóirt na hÉireann).

² Lúthchleasaithe Cardáilte.

4. Treoir do CNRanna atá ag Oibriú Clár Ardfheidhmíochta

- 4.1 Tá leas láidir lúthchleasaithe ríthábhachtach d'ardfheidhmíocht agus ní mór é a bheith leabaithe in éiteas agus i gcur chuige an CAF. Is freagracht leas na lúthchleasaithe, na gcóitseálaithe, na soláthraithe seirbhíse, na riarthóirí, agus tuismitheoirí/caomhnóirí/líonraí tacaíochta na lúthchleasaithe ar fad, ní hamháin iad siúd faoi bhun 18 mbliana d'aois; chomh maith leis na lúthchleasaithe féin.
- 4.2 Ní mór do chomhlachtaí rialaithe náisiúnta oifigeach cosanta/leasa a ainmniú chun tacú le leas lúthchleasaithe ar a gClár Ardfheidhmíochta. Bíodh is go bhféadfadh oifigeach leasa oibriú mar chuid d'fhoireann CAF, ba cheart go mbeadh rochtain dhíreach acu ar an bPríomhfheidhmeannach i gcásanna leasa agus cosanta.
- 4.3 Cuireann CAFanna leibhéil eisceachtúla agus tréimhsíúla dúshlán fisiceach agus meabhrach ar fáil; agus teastaíonn ardleibhéil tacaíochta ó gach duine atá bainteach leo. Tá sé tábhachtach nach mbíonn na brúnna a bhaineann le CAF ina gcúis le hiompar do-ghlactha (amhail bulaíocht, ciapadh, iompar maslach nó éigeantach) ag aon duine, ná nach dtugtar údar leis mar gheall orthu.

Is é atá i gceist le Cóitseáil/Oiliúint le haghaidh Feidhmíochta ná:	Bíonn an Bhulaíocht:
<ul style="list-style-type: none">• Comhthoilíoch - pléite agus comhaontaithe idir lúthchleasaí agus cóitseálaí/stiúrthóir feidhmíochta.• Pleanáilte agus bunaithe ar fhianaise le cuspóirí agus torthaí feidhmíochta comhaontaithe.• Feabhas a chur ar fheidhmíocht ar bhealach atá eiticiúil agus cothrom: le buachan agus bua a fháil ar an mbealach ceart.	<ul style="list-style-type: none">• Ní bhíonn sé comhthoilíoch – Ní tharlaíonn aon phlé ná comhaontú idir an lúthchleasaí agus an cóitseálaí/SF.• Gan aon chuspóirí agus torthaí feidhmíochta.• Gníomhaíochtaí oiliúna a úsáid mar phionós• Mí-úsáid cumhachta leanúnach agus d'aon ghnó a bhfuil sé mar aidhm léi dochar fisiciúil agus/nó síceolaíoch a dhéanamh.

- 4.4 Ní mór do na CNRanna agus do gach ball de na CAFanna na hoibleagáidí seo a leanas a thuiscint agus a chomhlíonadh:
- Beidh cultúr dírithe ar lúthchleasaithe ag na CNRanna a dhéanfaidh an méid seo a leanas:
 - cuirtear éagsúlacht agus ionchuimsiú chun cinn³;
 - tá cód iompair sainithe agus intuigthe ann, a chuirtear i bhfeidhm go leanúnach agus go cothrom;
 - tá nósanna imeachta ann chun imní/gearáin a ardú gan eagla roimh dhíoltas, agus tacaítear le daoine aonair leis an méid sin a dhéanamh; agus
 - tugtar cothromas deiseanna do dhaoine aonair agus tugtar deis dóibh dul chun cinn de réir a bhfiúntais.
 - Déanfaidh daoine aonair (lúthchleasaithe, cóitseálaithe, agus foireann feidhmíochta):
 - a bheith ag plé lena chéile le dínit agus le meas; agus
 - na caighdeáin iompair is airde a choinneáil i gcomhréir le cóid iompair an CNR.
- 4.5 **Ag Obair le Soláthraithe Seirbhíse.** Tá an caidreamh idir coistí náisiúnta rialaithe agus soláthraithe seirbhíse dírithe ar thacaíocht feidhmíochta. De bhua a róil, tá ionchur ríthábhachtach ag soláthraithe seirbhíse le sláinte agus folláine choirp agus mheabhrach lúthchleasaithe. Dá bhrí sin:
- ní mór iad a áireamh i ngach fóram agus cruinniú leasa lúthchleasaithe; agus
 - ba chóir meas a bheith léirithe ar a dtuairimí, fiú nuair nach mbíonn siad ar aon intinn leis an bhfoireann cóitseála agus feidhmíochta.

Níltear ag súil go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse idirghabháil i gcás saincheisteanna idir lúthchleasaí agus na cóitseálaithe; má nochtann lúthchleasaí saincheist leasa dóibh, ba chóir dóibh iad a atreorú chuig ceannaire leasa ASM⁴/CNR.

³ Tá gníomhartha idirdhealaithe ar fhorais áirithe toirmisce de réir dlí. Ba chóir go mbeadh a fhios ag gach duine go soláthraíonn an [Acht um Stádas Comhionann](#) cosaint i gcoinne idirdhealaithe ar fhorais áirithe.

⁴ Ní féidir leis an ASM tacú ach le lúthchleasaithe cártaithe.

Má iarrann an lúthchleasaí orthu teagmháil a dhéanamh leis an ASM (nó ceannaire leasa an CNR) thar a gceann, féadfaidh siad déanamh amhlaidh agus ansin tarraingt siar. Ba chóir dóibh a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid i gcónaí agus treoir a lorg óna gceann seirbhíse agus/nó ó cheannaireacht shinsearach Institiúid Spóirt Éireann más iomchuí. Má tá imní ar an soláthraí seirbhíse go bhféadfadh gné chosanta a bheith ag baint leis an gceist, ní mór dóibh polasaí ábhartha an CNR/ Institiúid Spóirt Éireann a leanúint.

- 4.6 **Próiseas Roghnúcháin.** Tá próiseas roghnúcháin láidir agus trédhearcach ag teastáil ó na CNRanna, lena n-áirítear painéil roghnúcháin, le haghaidh: i) roghnú 'ar' agus 'as' CAFanna; agus ii) roghnú foirne/aonair le haghaidh ionadaíochta náisiúnta (lena n-áirítear Foireann Éireann). Ba cheart do bheartais roghnúcháin:
- a bheith ceadaithe ag bord an CNR;
 - leibhéal cuí neamhspleáchais a áireamh ar an bpainéal roghnúcháin; agus
 - achomharc deiridh a chur san áireamh agus úsáid á bhaint as [Sport Dispute Solutions Ireland \(SDSI\)](#).
- 4.7 **Comhaontú Lúthchleasaithe.** Ní mór do na CNRanna comhaontuithe a bheith acu le gach ball dá CAF, chun oibleagáidí an CNR agus an lúthchleasaí araon a chumhdach maidir le: i) iompar; ii) féilire na hoiliúna agus na gcomórtas; iii) ionchais agus costais an chláir; agus iv) socruithe urraíochta. Táthar ag súil go gcuirfidh lúthchleasaithe leis an CAF ó thaobh airgeadais de agus/nó trí imeachtaí poiblí. Nuair a dhéanann lúthchleasaithe ranníocaíochtaí airgeadais, ní mór soiléireacht a bheith ann maidir leis an gcuspóir, agus ní mór don CNR a chinntiú go gcoinnítear an ranníocaíocht seo chomh híseal agus is féidir: tá tuilleadh sonraí ar leathanach 19 de na Treoirínte Cártála .
- 4.8 **Ionadaíocht Lúthchleasaithe.** Tá dearcadh na lúthchleasaithe ar dhearadh agus oibriú go leor gnéithe de CAF tábhachtach. Beidh struchtúir ionadaíochta/cheannaireachta lúthchleasaithe ag na CNRanna chun: i) rannpháirtíocht i mbainistíocht CAF a éascú; ii) dul i mbun oibre le Coimisiúin Lúthchleasaithe Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Chumann Parailimpeach na hÉireann; agus iii) nuashonruithe tréimhsiúla a sholáthar do chruinnithe boird na CNRanna. Is féidir leis an ASM cabhrú leis sin a fhorbairt.
- 4.9 **Ionduchtú.** Tá sé riachtanach go ndéantar lúthchleasaithe nua a ionduchtú in CAF, agus bíonn 'imeacht athnuachana' bliantúil ann do gach lúthchleasaí. Tá siollabas molta i Sceideal 1.
- 4.10 **Cruinnithe rialta leasa.** Ba chóir do SF bualadh go rialta le baill foirne leasa/cosanta agus soláthraithe seirbhíse chun leas gach ball den CAF (lúthchleasaithe **agus**an fhoireann araon) a athbhreithniú. Ba cheart go ndéanadh na cruinnithe seo measúnú ar cé chomh maith agus atá daoine aonair ag déileáil go fisiciúil agus go meabhrach leis an timpeallacht oiliúna/iomaíochta; agus cibé an bhfuil gá le haon idirghabháil/tacaíocht shonrach: ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine atá ar phleananna téarnaimh ó ghortuithe. Sa chás ina bhfuil CAF díláraithe, tá sé de dhualgas ar na SFanna a chinntiú gur féidir leis na próisis leasa monatóireacht a dhéanamh ar gach lúthchleasaí agus tacú leo, beag beann ar shuíomh.
- 4.11 **Aistriú.** Tosaíonn gníomhaíocht aistrithe nuair a théann lúthchleasaí **isteach ina** CAF, agus tarlaíonn sé sin in éineacht lena gcuspóirí feidhmíochta: feabhsaitheoir feidhmíochta is ea forbairt phearsanta bhríoch, níl sí ina coscaire. Ba chóir go mbeadh 'Plean Lúthchleasaí Aonair' ag gach lúthchleasaí do gach tréimhse 12 mhí, lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta **agus** forbartha pearsanta; agus ba chóir go mbeadh lúthchleasaithe cuntasach as an **dá** shraith spriocanna a bhaint amach. Forbrófar pleananna aistrithe i gcomhar le chéile idir an lúthchleasaí, a CNR agus Institiúid Spóirt Éireann. Cuireann Clár Aistrithe Gairme Lúthchleasaithe (ACT) Spóirt Éireann tacaíocht shuntasach airgeadais agus seirbhísí ar fáil do lúthchleasaithe incháilithe ar feadh 12 mhí tar éis dóibh an Scéim Cártála Idirnáisiúnta a fhágáil, ar choinníoll go raibh siad páirteach i bhfoireann scileanna saoil feidhmíochta Institiúid Spóirt Éireann roimhe seo.
- 4.12 **Sárúithe Frithdhópála.** Is gá déileáil le gach líomhain frithdhópála ag trí úsáid a bhaint as [Rialacha Frithdhópála Spóirt Éireann](#). Mar sin féin, ba cheart do CNRanna a bheith ar an eolas go bhféadfadh gné leasa a bheith ann, agus gur cheart aghaidh a thabhairt air seo mar chuid den fhreagairt fhoriomlán.

5. Ag Déileáil le Díospóidí

5.1 Is timpeallachtaí iomaíocha iad CAFanna, mar sin d'fhéadfadh díospóidí tarlú, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar leas agus ar fheidhmíocht lúthchleasaithe araon. Caithfidh POFanna agus SFanna ceannaireachta a thabhairt chun a chinntiú, nuair a tharlaíonn díospóidí, go ndéileáiltear leo go hoibiachtúil agus go héifeachtach, bíodh sé sin trí mhodhanna neamhfhoirmiúla nó foirmiúla. Áirítear leis sin bealaí cumarsáide éifeachtacha agus gan choinbhleachtaí a bheith ann, a bhfuil muinín ag lúthchleasaithe agus ag foireann astu.

5.2 **Próiseas Neamhfhoirmiúil.** I bhformhór na gcásanna, is féidir le próisis neamhfhoirmiúla an cheist a réiteach agus caidrimh a fheabhsú: cuirfidh rannpháirtíocht luath an ASM feabhas ar an réiteach neamhfhoirmiúil seo.

5.3 **Próiseas Foirmiúil.** Beidh cur chuige foirmiúil ag teastáil i gcás saincheisteanna níos tromchúisí (amhail bulaíocht nó ciapadh). Ní mór sábháilteacht agus folláine lúthchleasaí a chosaint i gcónaí. Ceanglaítear ar chomhlachtaí rialaithe náisiúnta nósanna imeachta sonracha a bheith acu chun déileáil le saincheisteanna tromchúiseacha laistigh dá CAFanna, lena n-áirítear:

- Cód iompair/cairt.
- Polasaí Gearán.
- Polasaí Sceithreachta.
- Polasaí araíonachta/iompar neamhghlactha.
- Polasaí Cumhdaigh.
- Polasaí Idirghabhála.
- Polasaí Cumarsáide/na meán sóisialta.

Tá teimpléid bheartais ag Spórt Éireann ar féidir le coistí náisiúnta rialaithe a oiriúnú dá gcuid CAFanna, agus is féidir leo cabhrú lena ndruchtú agus oiliúint a chur ar fáil maidir lena n-úsáid.

5.4 **Gníomhaireachtaí Reachtúla.** Má bhaineann imní le hábhar do [An Garda Síochána](#), [TUSLA](#) nó gníomhaireacht reachtúil eile, ba cheart don CNR dul i gcomhairle leis an gcomhlacht ábhartha sula dtosaíonn sé ar a phróiseas féin.

I gcás ina bhfuil lúthchleasaí faoi bhun 18 mbliana d'aois, ní mór don CNR na nósanna imeachta sonracha atá leagtha amach san [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) (Cuid 3) a leanúint, agus i [dTreoirínte Spórt Éireann um Chosaint Leanaí](#).

5.5 **Ag cur fógra chuig Spórt Éireann.** Má bhaineann próiseas foirmiúil (araíonacht/gearáin) agus/nó gníomhaireacht reachtúil le díospóid idir CNR agus lúthchleasaí cárdailte, ní mór do na CNRanna Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann agus Spórt Thuaisceart Éireann⁵ a chur ar an eolas trí úsáid a bhaint as an proforma i Sceideal 3. Coinneofar an fhaisnéis i gcomhréir le RGCS.

⁵ Lúthchleasaí atá ina chónaí i dTuaisceart Éireann.

6. Dearbhú Córais

- 6.1 Is í Spórt Éireann an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as airgead poiblí a infheistiú chun tacú le forbairt spóirt. Tá freagrachtaí air as oibriú éifeachtach an chórais ardfheidhmíochta: ach tá coistí náisiúnta rialaithe freagrach as oibriú a CAFanna. Bainfear é sin amach trí na gníomhaíochtaí seo a leanas.
- 6.2 **Gealltanais Bliantúil.** Caithfidh gach CNR a oibríonn CAFanna atá maoinithe ag Spórt Éireann dearbhú bliantúil a sholáthar d'Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann ag tús gach bliana, trí úsáid a bhaint as an proforma i Sceideal 2.
- 6.3 **Meastóireacht Chultúrtha.** Gheobhaidh gach CAF atá maoinithe ag Spórt Éireann meastóireacht chultúir amháin ar a laghad in aghaidh an Timthrialla Oilimpigh/Parailimpigh. Tabharfaidh sé sin tuiscint níos fearr do na CNRanna ar **an dóigh** a bhfuil a gcuid CAFanna ag feidhmiú. Is meascán de shuirbhéanna, agallaimh, agus cuairteanna ar an láthair é; agus cosnófar anaithnideacht na rannpháirtithe. Gheobhaidh na coistí náisiúnta rialaithe aiseolas foirmiúil, a thugtar do gach ball den CAF, chun tacú le plananna forbartha cultúrtha.

Sceidil

1. Siollabas Ionduchtaithe
2. Tuairisceán Bliantúil Gealltanais
3. Fógra Teagmhais Spórt Éireann/Spórt Thuaisceart Éireann

Sceideal 1: Siollabas Ionductaithe

Ionductú Tosaigh (ar dhul isteach in CAF) - faoi stiúir CNR

- Luachanna agus cód iompair an CNR.
- Dearadh eagraíochtúil agus róil aonair:
 - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
 - Stiúrthóir Feidhmíochta
 - Foireann feidhmíochta (lena n-áirítear cóitseálaithe)
 - Soláthraithe Seirbhíse
 - Oifigeach Cosanta/Leasa agus socruithe leasa
 - Ionadaíocht Lúthchleasaithe
- Bainisteoir Tacaíochta Lúthchleasaithe
- Polasaí leasa agus gearán
- Cosaint
- Feasacht/oiliúint ar shláinte mheabhrach agus athléimneacht
- Clár don bhliain
- Scéim Cártála Idirnáisiúnta
- Beartais frithdhópála agus gealltóireachta/cúblála cluichí
- Cóiríocht, taisteal, agus socruithe riaracháin eile
- Comhaontú Lúthchleasaithe le Cód Iompair a áireamh
- Urraíocht agus an lúthchleasaí a bheith i láthair
- Láithrithe sna meáin agus ar na meáin shóisialta
- Polasaí roghnúcháin agus achomhairc
- Coimisiúin Lúthchleasaithe Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Chumann Parailimpeach na hÉireann araon.

Athnuachan Bliantúil – Stiúrthóir Feidhmíochta/Lúthchleasaí Sinsearach i gceannas

- Luachanna agus cód iompair an CNR.
- Polasaí leasa agus gearán
- Cosaint
- Feasacht/oiliúint ar shláinte mheabhrach agus athléimneacht
- Clár don bhliain
- Comhaontú Lúthchleasaithe
- Urraíocht agus an lúthchleasaí a bheith i láthair
- A bheith sna meáin agus ar na meáin shóisialta
- Polasaí roghnúcháin agus achomhairc
- Beartais frithdhópála agus gealltóireachta/cúblála cluichí

Sceideal 2: Tuairisceán Bliantúil Gealltanais

Clár Ardfheidhmíochta [CNR]

Ser	Ceanglas	T/N
(a)	(b)	(c)
1	Polasaí Leasa CNR (3.3)	
2	Polasaithe breise (5.3) <ul style="list-style-type: none">- Comhaontú Lúthchleasaithe.- Cód iompair/cairt.- Polasaí Gearán.- Polasaí Sceithreachta.- Polasaí araíonachta/iompar neamhghlactha.- Polasaí Cumhdaigh- Polasaí Idirghabhála.- Polasaí Cumarsáide/Meán Sóisialta	
3	Oifigeach Cosanta/Leasa (4.2)	
4	Polasaí Roghnúcháin (4.6)	
5	Struchtúr Ionadaíochta Lúthchleasaithe (4.8)	
6	Imeacht Ionduchtaithe Lúthchleasaithe Nua (4.9)	
7	Imeacht Ionduchtaithe Bliantúil (4.9)	
8	Struchtúr Cruinnithe Leasa (4.10)	
9	Tá príomhoifigigh curtha ar an eolas faoi réiteach díospóide	

Sínithe: _____

Ainm: _____

Coinne: _____

Dáta: _____

Sceideal 3: Fógra Teagmhais Spórt Éireann/Spórt Thuaisceart Éireann

Ó: _____

Chuig: Spórt Éireann/Spórt Thuaisceart Éireann

Ser	Ceanglas	Sonraí
(a)	(b)	(c)
1	Ainm an ghearánaí	
2	Ainm an fhreagróra	
3	Sonraí na líomhna	
4	Rannpháirtíocht gníomhaireachtaí reachtúla	
5	Gníomhartha agus achar ama le haghaidh réitigh	
6	Aon sonraí breise	

Sínithe: _____

Ainm: _____

Coinne: _____

Dáta: _____

Nuair a bheidh an teagmhas dúnta, scríosfar an doiciméad seo agus cuirfear an CNR ar an eolas dá réir.

Rúnda nuair a bheidh sé críochnaithe.



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Polasaí Leasa Lúthchleasaithe Spórt Éireann

Leagan 2: Foilsithe Aibreán 2026

Teagmháil: highperformanceunit@sportireland.ie